

## Gluais Téarmaí agus Acrainmneacha Measúnachta

<b>Torthaí Foghlama</b>	Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in án a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.
<b>Gnéithe Cáilíochta</b>	Is ráitis iad gnéithe cáilíochta i sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán.
<b>Intinní Foghlama</b>	Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid gur mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in án a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.
<b>Critéir Ratha</b>	Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.
<b>Measúnú Leanúnach</b>	Mar chuid den obair sa seomra ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leis a bheith foirmitheach nó suimitheach ina nádúr. Bíonn múinteoirí ag déanamh measúnachta mar chuid den chleachtas laethúil, trí bhreathnú ar scoláirí agus éisteacht leo agus iad i mbun tascanna, trí bhreathnú ar a bhfuil á scríobh agus á dhéanamh acu, agus trí mhachnamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí pleanáil do na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla, mar a mbeidh ar mhúinteoirí léargas ar dhul chun cinn na scoláirí a fháil chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus chun tuairisciú ar dhul chun cinn. B'fhéidir go mbainfeadh sé sin le scoláirí a bheith rannpháirteach i dtionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus/nó teisteanna agus go dtarlódh siad sin ag amanna ar leith ar fhéilire na scoile.
<b>Measúnú Foirmitheach</b>	Is measúnú foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla nó neamhfoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis foghlama agus úsáidtear iad chun teagasc a cuir in oiriúint le h-aghaidh riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí, agus oiriúnuithe a mholadh do chur chuige teagaisc an mhúinteora agus do chur chuige foghlama an scoláire. Baineann measúnú chun foghlama le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmitheach ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

<b>Measúnú Suimitheach</b>	Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis, ná achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhu ar léirigh na scoláirí nó cé mhéad tuiscint a léirigh siad ar an bhfoghlaim i gcomparáid le na critéir ratha nó gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.
<b>Measúnú Rangbhunaithe (MRB)</b>	I ngach ábhar, tabharfaidh scoláirí faoi dhá MRB a éascóidh an múinteoir. Tarlóidh ceann amháin acu sa dara bhliain agus ceann eile sa tríú bhliain. Is í an CNCM a dhearfaidh na tascanna agus clúdóidh siad réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear cur i láthair ó bhéal, obair scríofa de chineálacha éagsúla, praiticiúl nó gníomhaíochta deartha agus déantúis, taibhithe ealaíne, turgnaimh eolaíochta, tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile.
<b>Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)</b>	Beidh na múinteoirí uile a mbeidh baint acu le teagasc agus measúnú na MRBanna rannpháirteach i gcruinnithe Athbhreithniú ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar thuiscint chomónta ar cháilíocht foghlaim scoláirí.
<b>Tasc Measúnaithe</b>	Saineoidh an CNCM teist scríofa, a mharcálfaidh an CSS, agus beidh baint aige le torthaí foghlama an dara MRB.
<b>Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)</b>	Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cúí foghlama lena n-áirítear ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochtaí Foghlama agus réimsí eile foghlama. Beidh leagan amach aici a shocrófar ar bhonn náisiúnta, an scoil a chuirfidh le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain.